An Ghaeilge san Aontas Eorpach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoin easpa oibrithe le Gaeilge san Aontas Eorpach. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil sé tábhachtach dar leat, go bhfuil an Ghaeilge ina teanga oifigiúil sa tír seo?
An bhfuil sé tábhachtach go bhfuil an Ghaeilge ina teanga oifigiúil san Aontas Eorpach anois?
Cad is brí le hilteangachas i ndáiríre? An tír ilteangach í Éire?

Ceist 2 Déan féin agus an duine in aice leat iarracht na focail Ghaeilge ar chlé a cheangal leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. Delegation	a. Eagraíocht
2. Organization	b. Ilteangachas
3. Commissioner	c. Cáipéisí dlí
4. Awarded	d. Coimisinéir
5. Plurilingualism	e. Bronnadh
6. Interpretor	f. A chur i bhfeidhm
7. Translator	g. Toscaireacht
8. Legal documents	h. Abhcóide
9. Barrister	i. Aistritheoir
10. Responsible for	j. Ateangaire
11. To implement	k. Freagrach as

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 3 Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighígí amach an raibh an ceart agaibh ó chomhthéacs na tuairisce.

Ceist 4 Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Tá toscaireacht ó eagraíochtaí Gaeilge ag bualadh leis an choimisinéir teanga. Cén fáth?

2. Cad eile a phléifear a deir Dáithí Mac Cárthaigh?

3. Cén fáth ar cháin an coimisinéir Orban rialtas na tíre seo?

4. Cad é atá Óstaí an Rí ag déanamh le cuidiú leis na folúntais a líonadh?

5. Cad iad na heagraíochtaí eile a bheidh ag an toscaireacht?

Ceist 5 Bhí an uimhir iolra de na focail seo le cloisteáil sa tuairisc. An cuimhin leat cad iad? Éist leis an tuairisc arís más gá le do chuid freagraí a sheiceáil.

1. eagraíocht _____
2. tír _____
3. aistritheoir _____
4. ateangaire _____
5. aistriúchán _____
6. dlíodóir _____
7. cáipéis _____
8. folúntas _____
9. scil _____

Ceist 6 ‘Sílim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach.’

An féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfrásaí seo a aimsiú:

thar fóir
thar barr
thar na mbearta le rud
thar am

Anois cuirigí in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2 agus Ceist 3

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	**a**	**d**	**e**	**b**	**j**	**i**	**c**	**h**	**k**	**f**

Ceist 4

1. Pléifear an dul chun cinn atá déanta le breis is bliain anuas le stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil oibre san Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm.
2. Beifear ag caint ar aistritheoirí a chur ar fáil, ar ateangairí a chur ar fáil, sin iad na daoine a dhéanann aistriúcháin ar chaint bheo.
3. Cháin an coimisinéir Orban an rialtas anseo as a laghad ateangairí cáilithe atá ar fáil a bhfuil Gaeilge acu.
4. Faoi láthair tá folúntais ann nár líonadh go fóill ach tá cúrsa ar fáil in Óstaí an Rí do dhaoine a bhfuil céim sa dlí acu chun scileanna aistriúcháin a mhúineadh dóibh. Agus, chomh maith leis sin, tá aontaithe i bprionsabal go mbeidh BL ar fáil as Gaolainn an bhliain seo chugainn chun na folúntais a líonadh.
5. I measc na n-eagraíochtaí eile a bheidh ag an toscaireacht beidh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gael Linn agus Udarás na Gaeltachta.

Ceist 5

1. eagraíocht	**eagraíochtaí**
2. tír	**tíortha**
3. aistritheoir	**aistritheoirí**
4. ateangaire	**ateangairí**
5. aistriúchán	**aistriúcháin**
6. dlíodóir	**dlíodóirí**
7. cáipéis	**cáipéisí**
8. folúntas	**folúntais**
9. scil	**scileanna**

Ceist 6

thar fóir: *Cé gur shíl mé go raibh na bláthanna ag an bhainis go hálainn shíl mé go ndeachaigh siad rud beag thar fóir leo.*

thar barr: *Bhí mé ag ceolchoim U2 an samhradh seo caite agus bhí sé thar barr.*

thar na mbearta le rud: *Bhí an bronntanas galánta ach chaith sé an iomarca airgid air. Chuaigh sé thar na mbearta leis.*

thar am:	*Tá sé thar am agam tosú ag déanamh staidéir, tá na scrúduithe ag teacht.*

An Ghaeilge san Aontas Eorpach

Éimear Ní Chonaola
Amárach sa mBrúiséal buailfidh toscaireacht ó eagraíochtaí Gaeilge sa tír seo le coimisinéir an Aontais Eorpaigh, Leonard Orban, atá freagrach as ilteangachas a chur i bhfeidhm i dtíortha an Aontais. Pléifear an dul chun cinn atá déanta le breis is bliain anuas le stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil oibre san Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm. Tá tuilleadh faoin scéal ag Sorcha Ní Mhonacháin.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tá sé chóir a bheith bliain anois ó bronnadh stádas mar theanga oifigiúil oibre ar an Ghaeilge san Aontas Eorpach. Amárach an chéad uair ag toscaireacht ó eagraíochtaí Gaeilge sa tír seo bualadh le Leonard Orban, an coimisinéir atá freagrach as ilteangachas a chur i bhfeidhm san Aontas Eorpach. I measc na n-eagraíochtaí a bheidh ar an toscaireacht amárach beidh Conradh na Gaeilge.

Daithí Mac Cárthaigh
Sílim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach. Is éard a bheidh a phlé againn ná an dul chun cinn atá déanta maidir leis an stádas nua atá ag an Ghaolainn mar theanga fiú san Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm. Beifear ag caint ar aistritheoirí a chur ar fáil, ar ateangairí a chur ar fáil, sin iad na daoine a dhéanann aistriúcháin ar chaint bheo.

Sorcha Ní Mhonacháin
Mí ó shin cháin an coimisinéir Orban an rialtas anseo as a laghad ateangairí cáilithe atá ar fáil a bhfuil Gaeilge acu. Is beag dlíodóirí teangairí atá ar fáil fosta. Iad siúd atá cáilithe le cáipéisí dlí san Aontas a aistriú. Creideann Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Dáithí Mac Cárthaigh, ar abhcóide é chomh maith, go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh leis an easpa seo a leigheas.

Daithí Mac Cárthaigh
Faoi láthair tá folúntais ann nár líonadh go fóill ach tá cúrsa ar fáil in Óstaí an Rí do dhaoine a bhfuil céim sa dlí acu chun scileanna aistriúcháin a mhúineadh dóibh. Agus, chomh maith leis sin, tá aontaithe i bprionsabal go mbeidh BL ar fáil as Gaolainn an bhliain seo chugainn chun na folúntais a líonadh.

Sorcha Ní Mhonacháin
I measc na n-eagraíochtaí eile a bheidh ag an toscaireacht amárach beidh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gael Linn agus Udarás na Gaeltachta.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.